


## Agóid sa mhórchathair

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi agóid i mBaile Átha Cliath. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. feirmeoirí muc	a. <i>industry</i>
2. tionscal	b. <i>message</i>
3. pacáiste tarrthála	c. <i>pork</i>
4. An tAire Talmhaíochta	d. <i>heavy fines</i>
5. teachtaireacht	e. <i>The Minister for Agriculture</i>
6. beatha ainmhithe	f. <i>pig farmers</i>
7. muiceoil	g. <i>to act</i>
8. ciste	h. <i>rescue package</i>
9. gníomhú	i. <i>fund</i>
10. fiacha troma	j. <i>animal feed</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach?

1. Tá na feirmeoirí muc ag agóid taobh amuigh den Roinn Talmhaíochta mar tá siad ag iarraidh pacáiste tarrthála ón Rialtais.
2. Tá timpeall 300 feirmeoir muc ag cailleadh €57,000 gach mí.

3. Ba mhaith le Pádraig Ó Flaithearta éirí as an bhfeirmeoireacht.
4. Ba mhaith leis na feirmeoirí go n-íocfadh an Rialtas ar ais iad thar thréimhse cúig bliana déag.
5. Tá scéim seacht milliún euro ann cheana féin le cuidiú leo.
6. Mura ndéanann an Rialtas rud éigin láithreach, ní mhairfidh an tionscal.
7. Tá fiacha móra ar na feirmeoirí mar tá an praghas atá ar bheatha ainmhithe ró-ard agus tá an praghas atá ar an muiceoil féin ró-íseal.

**Ceist 3**

Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na focail i **gCeist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

**Ceist 4**

‘... níos déanaí...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist le “is déanaí”?
2. Bain úsáid as na haidiachtaí neamhrialta (sa chiorcal) thíos chun comparáid a dhéanamh, leis an duine in aice leat, idir na nithe sa bhosca.

Mar shampla: *Tá cait níos áille ná madraí.*

Éire  
Na Stáit Aontaithe  
aimsir the  
aimsir fhuar  
cait  
madraí  
rothar  
gluaisrothar  
árasán  
teach  
réaltfhisic  
gramadach na Gaeilge  
an fharraige  
aibhneacha  
Corcaigh  
Doire

álainn, beag, breá,  
dian, fada, fliuch,  
furasta, gearr,  
leathan, maith, mór,  
olc, ramhar, saibhir,  
tapa, te, tréan



**Ceist 5** Comhchiallaigh

Anois, féach ar an tuairisc arís agus aimsigh comhchiallaigh na bhfocal seo a leanas a bhí le cloisteáil inti.

ábalta	_____
lasmuigh	_____
timpeall	_____
de bhrí	_____
cuidiú	_____
níos moille	_____
más mian leo	_____

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An itheann tú feoil? Cén fáth?
2. Cad é an t-ainmhí is fearr leat? Cén fáth?
3. Cad é an rud is measa a d'ith tú riamh i do shaol? Déan cur síos air.

**Treoracha agus Freagraí**  
**Ceist 1**

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	h	e	b	j	c	i	g	d

**Ceist 2**

1. Fíor.
2. Bréagach €56,000.
3. Bréagach.
4. Bréagach. Thar thréimhse ceithre bliana déag.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Fíor.

**Ceist 3**

Féach an script

**Ceist 4**

1. Breischéim na haidiachta.
2. Sárchéim na haidiachta.
3. Féach:

álainn – níos/is áille  
beag - níos/is lú  
breá – níos/is breátha  
dian – níos/is déine  
fada – níos/is faide  
fliuch – níos/is fliche  
furasta – níos/is fusa  
gearr – níos/is giorra  
leathan – níos/is leithne  
maith – níos/is fearr  
mór – níos/is mó  
olc – níos/is measa  
ramhar – níos/is raimhre  
saibhir – níos/is saibhre  
tapa – níos/is tapa  
te – níos/is teo  
tréan – níos/is tréine

**Ceist 5**

ábalta	<i>in ann</i>
lasmuigh	<i>taobh amuigh</i>
timpeall	<i>thart</i>
de bhí	<i>de bharr</i>
cuidiú	<i>cúnamh</i>
níos moille	<i>níos déanaí</i>
más mian leo	<i>má tá siad ag iarraidh</i>

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

### Siún Nic Gearailt

Deir feirmeoirí muc a dhein<sup>1</sup> agóid ag an Roinn Talmhaíochta inniu go bhfuil an tionscal i mbaol a dhúnta, muna<sup>2</sup> dtugtar pacáiste tarrthála rialtais dóibh. Buailfidh an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, le coiste muc Chumann na bhFeirmeoirí<sup>3</sup> anocht chun a bhfuil i ndán n don earnáil a phlé.

### Joe Mag Raollaigh

Bhí teachtaireacht shoiléir ag feirmeoirí muc taobh amuigh den Roinn Talmhaíochta inniu. De réir anailíse ó Theagasc, an tÚdarás Taighde Talmhaíochta, tá thart ar 300 feirmeoir muc ag cailliúint<sup>4</sup> €56,000 an duine in aghaidh na míosa faoi láthair, de bharr méadú ollmhór ar phraghas beatha ainmhithe agus praghsanna ísle ar mhuceoil. Tá roinnt tar éis tarraingt amach as an tionscal cheana féin agus beidh sé deacair orthu siúd atá ag iarraidh leanacht<sup>5</sup> ar aghaidh, mura gcuirtear cúnamh rialtais ar fáil dóibh, a deir siad.

### Pádraig Ó Flaithearta, feirmeoir muc, Cill Dara

Táimid ag iarraidh leanacht ar aghaidh. Tá aon duine dhéag ag obair sa bhfeirm<sup>6</sup>, agus an chlann uilig<sup>7</sup>. Agus caithfidimid coinneáil orainn agus mura bhfaighimid an t-airgead seo, caithfidimid dúnadh is dócha.

### Joe Mag Raollaigh

Tá ciste tarrthála €100 milliún ón rialtas atá ag teastáil anois, a deir siad. Leath de a íocfas<sup>8</sup> feirmeoirí ar ais thar thréimhse ceithre bliana déag. Chas an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, orthu taobh amuigh den Roinn agus beidh cruinniú aige le Cumann na bhFeirmeoirí níos déanaí. Dúirt sé go bhfuil sé ag tacú leo cheana féin, le scéim seacht milliún euro agus go bhfuil measúnú á dhéanamh ag a oifigigh ar na moltaí don phacáiste tarrthála.

Deir na feirmeoirí muc go gcaithfidh an Rialtas agus an Roinn Talmhaíochta gníomhú láithreach, má tá siad ag iarraidh an tionscal seo a shábháil. Tá an oiread sin brú ar fheirmeoirí faoi láthair agus an oiread sin fiacha troma ag titim orthu, de bharr na bhfadhbanna le beatha ainmhithe agus na praghsanna atá siad ag fáil ar an muiceoil.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

---

<sup>1</sup> leagan canúnach den fhocal ‘rinne’

<sup>2</sup> leagan canúnach den fhocal ‘mura’

<sup>3</sup> *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann* an teideal oifigiúil

<sup>4</sup> cailliúint = leagan canúnach de ‘cailleadh’

<sup>5</sup> leanacht = leagan canúnach de ‘leanúint’

<sup>6</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh ‘sa’.

<sup>7</sup> leagan canúnach den fhocal ‘uile’

<sup>8</sup> ‘a íocfas’ = a íocfaidh